

Polasaí Iontrála

Tá muidne mar Bhord Bainistíochta, Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, An Chloch Bhreac ag cur an polasaí iontrála scoile seo le chéile agus muid ag cloí le soláthar an Acht Oideachais 1998.

Tá súil againn go ndéanfaidh an polasaí seo cúrsaí iontrála scoile soiléar agus éasca do na tuismitheoirí agus iad ag smaoineamh a gclann a chur chun na scoile seo. Tá comhionannas cead iontrála chuig na scoile fíor thábhachtach dhúinn anseo i Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig.

Ní chuirfear bac ar aon ghasúr freastal ar an scoil seo de bharr cúrsaí clainne nó sóisialta, riachtainaisí speisialta, creidimh nó cúrsaí polaiticiúla, gnéas, teanga nó canúint, de stádas an lucht siúil, ciníoch, nó de stádas dídeanaí. Tá muidne mar baill teagmháile an Bord Bainistíochta sásta aon eolas eile faoi bpolasaí seo a phléigh le duine ar bith is mian leo.

- Seán O Cionnaigh, An Chlochbhreac, An Fháirche, Co. na Gaillimhe- **Cathaoirlaoch.**
- Gearóidín Uí Fhíric, An Fháirche, Co. na Gaillimhe- **Príomh Oide**

Eolas ginearálta

Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig,

An Chloch Bhreac,

An Fháirche,

Co. na Gaillimhe. Fón ; 0949548278 ríomh-phost ; clochbhreac@ymail.com

Suíomh idirlíon ; www.scoilnaomhpadraig.com

Is scoil Chaitliceach í Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig ata faoi chúraim an tArd Easpag Mícheal Neary.

Tá dhá oide ag múineadh in san scoil chomh maith le oide tacaíochta foghlama atá bunaithe sa scoil agus atá roinnte idir scoileanna; clúdaíonn an post 10 uair sa scoil seo agus 10 uair i Scoil Bhride, Tír na Cille agus 5 uair i nGaelscoil Dara ,Gaillimh. Ta beirt múinteoir feabhais páirt aimsire a mhúineann páistí le uaireanta breise .

Is scoil mheascaithe Gaeltachta í Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig. Osclaíonn muid ag 9.10 rn agus dúnann muid ag 2.50 in

Tá na ranganna in san scoil deilgte ina dha ghrúpa.

Seo iad a leanas - . Na Naíonáin- Rang a dó

Rang a trí go dtí Rang a sé.

Tá an scoil ag brath ar deontais agus achmhainní ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Leanann muid na treoirínte agus rialacha ata leaghta amach ag an Roinn Oideachais.

Leanann muid an clár curaclam atá leaghta amach ag an Roinn Oideachais agus muid ag úsáid na hachmhainní agus maoin atá curtha ar fáil dúinn.

Is féidir leis an Curaclam Naisiúnta a bheith leasaithe ó am go h-am le comhaontú teascán 9 agus 30 den Acht oideachais 1988.

Creideann muid go bhfuil sé fíor thábhachtach oideachas cuimsitheach a chuir ar fáil do gach scoláire agus go mór mór i gcás an scoláire le riachtainaisí speisialta. Tugann muid lán thacaíocht dóibh chun go ngeobhfaidh siad oideachas cuimsitheach, cothrom agus iad ag freastal ar scoil anseo.

Déanann muid gach dea-iarracht chun meas a thaispeáint, a mhúineadh agus a forbairt i leith difríochtaí creidimh, traidisiúin, teanga agus saol sochaí an scoláire. Deanfar é seo a fhorbairt chomh maith agus is féidir agus muid ag obair leis na rialacha, cláir oibre, maoiniú agus achmhainní agus cearta an patrún mar ata leagtha amach in Acht Oideachais 1988.

Muna mbíonn tuismitheoirí sasta leis an leibhéal oideachais curtha ar fáil dá gclann agus muid ag obair leis an maoiniú agus achmhainní atá tugtha dhúinn, molann muid do na tuismitheoirí a gclann a chur chuig scoil speisialta a dhéanfaidh freastal ar riachtainaisí speisialta an scoláire sin

Modh Iontrála

Ba mhaith leis an Bord Bainistíochta cur in iúl do thuismitheoirí má tá suim acu a mac/iníon a thosnú sna naíonáin shóisearach go mba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis an bPríomh Oide.

De réir ár bpolasaí iontrála scoile, is féidir le tuismitheoirí más mian leo é, an gasúr a chur chuig an scoil ar feadh lá amháin i mí Meitheamh roimh tosnú go lán aimseartha an Meán Fómhar dár gcionn.

Ní mór don gasúr a bheith san aois cheithre bliana roimh tosnú i mí Meán Fómhar. Is bealach maith é chun cleachtadh a fháil ar an scoil agus ar an gcóras scoile a bhéas i gceist.

Ba mhaith leis an mBord Bainistíochta tuismitheoirí a chur ar eolas go gcaithfidh muid cloí leis na rialacha ata leagtha sios ag an Roinn agus dá réir seo caithfidh an gasúr a bheith cheithre bliana roimh tosnú scoile agus caithfidh siad tosnú ag freastal ar scoil ag an aois is sine sé bliana.

Tá foirm iontrála scoile ar fáil sa scoil. Caithfidh na tuismitheoirí an foirm seo a líonadh amach taréis an lá oscailte más . Órdaíonn an foireann scoile na leabhair don bhliain i Mí Meitheamh ionas go mbeidh na páisti uilig lena leabhair ag tús na bliana.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach cinneadh i leith iarratais iontrála scoile agus iad ag cloí leis an bpolasaí iontrála. Déanfar scoláirí a chlárú agus an iarratas déanta ach áit a bheith ann dóibh.

Déanfar cinneadh agus muid ag breathnú ar an eolas seo a leanas:

Deartháireacha/deirfiúracha eile ag freastal ar an scoil seo. Gasúir foireann na scoile, Spás, sláinte agus leas an gasúr.

Nuair atá gasúr le riachtainaisí speisialta ag clarú ní mór go mbeadh cóip de thuairiscí siceolaíochta agus sláinte curtha ar fáil don Bord Bainistíochta. Muna bhfuil aon tuairisc siceolaíocht ar fáil cuirfidh an scoil iarratas ar aghaidh chun go ndéanfar tástail siceolaíocht ar an scoláire. Má tá muid chun oideachas cuimsitheach cothrom a chur ar fáil don dalta le riachtainaisí speisialta teastaíonn tuairiscí siceolaíochta uainn chun plean sásúil foghlama a chuir i bhfeidhm don dalta a dhéanfaidh freastal iomlán ar riachtainaisí foghlama an scoláire. Nuair a bhéas an t-eolas ar fad aimsithe againn is feidir linn seirbhís tacaíochta agus na achmhainní cuí a theastaíonn uainn a fhail ón Roinn Oideachais.

Déanfaidh muid teagmháil le tuismitheoirí, múinteoirí acmhainní/feabhais, siceolaí, teiripé cainte, srl chun riachtainaisí an dalta a phléigh agus an mbeidh an scoil inann freastal ar na riachtainaisí seo, m.sh. plúchadh, ailgéire cnóanna, 'cystic fibrosis, srl...

Ag aistriú scoláirí

Is féidir le daltaí aistriú ó scoil eile ag aon am den bhliain ach an spás a bheith againn dóibh. Bheadh muid ag iarraidh tuairisc Príomh Oide, eolas ó thaobh tinnreamh agus forbairt foghlama an scoláire

Bheadh muid ag iarraidh cruinniú a bheith againn leis na tuismitheoirí chomh maith agus eolas a fháil ar aon riachtainaisí speisialta atá ag an scoláire agus bheadh ar na tuismitheoirí foirm iarratais a lionadh amach roimh clárú an dalta. Tá ar na daltaí atá cláraithe i Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, cloí leis an gcód iompar mar atá leagtha amach ag an Bord Bainistíochta. Chomh maith le seo tá sé de dhualgas orthu comhoibriú le agus cloí le polasaí an churaclam, riaracháin agus tréadach.

Cuireann an Bord Bainistíochta béim ar thuismitheoirí cinntiú go ndéanann a gclann iarracht comhoibriú leis an scoil ó thaobh na polasaithe dhe. De réir rialacha an Roinn is féidir scoláire a chur a fhionraí ón scoil má tá cúis leis. Is feidir breis eolas nó arthú a chuir ar an bpolasaí seo má tá gá leis.